




Forbhreathnú

Tugtar forbhreathnú sa doiciméad seo ar LIFE in Éirinn. Taispeántar príomhshonraí agus tugtar cuntas ar chuid de na tionscadail LIFE is déanaí.

Lena chois seo gheobhaidh tú sonraí teagmhála agus acmhainní áisiúla eile chomh maith le liosta iomlán de thionscadail LIFE reatha agus de thionscadail LIFE a críochnaíodh le déanaí.

Seoltar glaonna ar thograí tionscadail gach bliain a phléann le réimsí tosaíochta an chláir LIFE.

67 LIFE projects (since 1992)



Investment in LIFE projects in Ireland (€ million)

	Total investment	EU contribution
ALL LIFE projects	191	90
Environment and Resource Efficiency (ENV)	82	28
Nature and Biodiversity (NAT)	62	37
Climate Action (CA)	5.5	3
Integrated (IPE/IPC)	40.5	22
Others	0.6	0.2

EOLAS FAOI LIFE

Is é an clár LIFE ionstraim chistiúcháin an AE le haghaidh bearta comhshaoil agus aeráide. Tá sé ar siúl ó 1992 agus tá cómhaoiniú déanta aige ar bhreis is 4500 tionscadal ar fud an AE agus i dtríú tíortha. Tá breis is €9 billiún úsáidte aige agus tá breis is € 4 billiún curtha aige le caomhnú an chomhshaoil agus na haeráide. Is é €3.4 billiún buiséad an chláir LIFE i gcomhair 2014-2020 de réir praghsanna reatha agus tá fo-chlár don gcomhshaoil agus fo-chlár le haghaidh bearta aeráide aige.

Cineálacha tionscadail LIFE:

- Traidisiúnta (Éifeachtacht Chomhshaoil agus Acmhainní; Nádúr agus Bithéagsúlacht; Rialachas agus Faisnéis Chomhshaoil; Maolú ar Athrú Aeráide; Oiriúnú d'Athrú Aeráide; Rialachas agus Faisnéis Aeráide).
- Comhtháite (Bearta Comhshaoil, Nádúir nó Aeráide)
- Ullmhúchán
- Tógáil Cumais

Cineálacha cistiúcháin LIFE eile:

- Deontais oibriúcháin ENR
- Áis Airgeadaithe Chaipitil Nádúrtha (NCCF)
- Airgeadas Príobháideach ar mhaithe le hÉifeachtacht Fuinnimh (PF4EE)

Comhthionscnaimh le Banc Infheistíochta na hEorpa, an eagraíocht a dhéanann an dá chiste a bhainistiú, is ea iad NCCF agus PF4EE.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <http://ec.europa.eu/life/>

Éifeachtacht Chomhshaoil agus Acmhainní LIFE

Tá an réimse tosaíochta seo de LIFE dírithe ar bharrchleachtas, réitigh agus cuir chuige chomhtháite i leith dúshlán chomhshaoil a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint. Lena chois sin táthar ag iarraidh an bunachar eolais a ghabhann leo seo a fheabhsú.

Tá cómhaoiniú déanta ag an tsraith um Éifeachtacht Acmhainní agus Comhshaoil LIFE (dar glaoití an comhbhall Beartas Comhshaoil agus Rialachais LIFE roimhe seo) ar 41 tionscadal in Éirinn go dtí seo. Is ionann sin agus infheistíocht iomlán €82. Chuir an tAontas Eorpach €28 mhilliún den méid seo ar fáil.

Bhí na tograí atá críochnaithe go mór mór dírithe ar bhainistiú comhtháite an chomhshaoil, ar theicneolaíochtaí glana, ar bhainistiú limistéir íogair (limistéir chósta), ar dhramhaíl deireadh saolré feithiclí agus ar dhearadh uirbeach. Bhí tionscadal amháin go mór mór dírithe ar chomhtháthú na turasóireachta agus na hoidhreachtá nádúrtha a threisiú agus forbairt na turasóireachta agus caomhnú na bithéagsúlachta a thabhairt le chéile i réigiún na Boirne. I dtionscadal eile aistríodh spás tionscail ina spás foghlama comhoibritheach. Údaráis áitiúla agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ab iad formhór de na tairbhíthe. Lean na tograí ar aghaidh ar feadh tréimhsí idir 24 agus 63 mhí.

Tá trí tionscadal ar siúl in Éirinn faoi láthair. Tá d'aidhm ag ceann amháin díobh (tá sé á chomhordú ag Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas thar tréimhse 48 mí) feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i gContae Bhaile Átha Cliath agus níos faide anonn. Baineann sé úsáid as cur chuige nuálach GIS-bhunaithe chun scrúduithe ar naisc mhíchearta bhaile a luathú agus a gcostas a laghdú. Tá d'aidhm ag ceann amháin (atá á chomhordú ag gnólacht bheag-mheánmhéide thar thréimhse 33 mhí) réiteach le haghaidh monatóireachta ar cháilíocht uisce a chur ar an margadh. Tá d'aidhm ag an tionscadal is déanaí a fuair maoiniú (atá á chomhordú ag Lanber Holdings thar tréimhse 33 mhí) tabhairt faoin tionchar comhshaoil atá ag táirgeadh cáise tríd an bpríomhbhac a sháru a chuireann srian ar luachshocrú iomchuí scagáit meidhig i láthair na huaire.

Sa bhosca thíos taispeántar sampla de thogra Comhshaoil de chuid LIFE ar éirigh go maith leis in Éirinn.



Ag obair le Spásanna Tionsclaíocha chun macasamhail a dhéanamh d'athúsáid (WISER LIFE) LIFE13 ENV/IRL/000763

D'éirigh leis an tionscadal WISER LIFE modheolaíocht nua a chur ar fáil don oideachas i bhforbairt inbhuanaithe. Bhí an tionscadal á leagan amach ar feadh tréimhse 18 mí mar aon le tréimhse foirgníochta 12 mhí chun coire-theach tréigthe i mBaile Munna, Baile Átha Cliath, a aistriú ina spás foghlama nuálach 3-thoiseach comhoibritheach de chéad scoth.

Tá WISER LIFE tar éis clár foghlama comhoibritheach ar feadh an tsaoil a chur ar fáil i dteannta le scoileanna, ollscoileanna, eagraíochtaí corparáide agus grúpaí pobail. Meallann gnéithe an téacsleabhair 3T a bhaineann le taispeáint agus léiriú a lán cuairteoirí agus cleachtóirí chuig an ionad agus cabhraíonn siad chun inniúlacht a chothú don earnáil ghlas.

Cuireann an áis saotharlann bheo ar fáil don ngeilleagar ciorclach. Bíonn tionscadail agus deiseanna taighde comhoibritheacha ag teacht chun cinn an t-am ar fad le hollscoileanna agus bardais sa bhaile agus thar lear. Cruthaíodh éicea-bhráisle d'fhiontair shóisialta atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de. Tá roinnt tairbhí, idir shóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil bainte amach a bhuíochas do chomhshuíomh na bhfiontar sin. D'éirigh go mór le bearta cumarsáide agus scaipthe an tionscadail agus tá aitheantas forleathan ar WISER LIFE mar eiseamláir ar bhonn náisiúnta.

Tuilleadh eolais:
<http://www.wiserlife.eu>

Nádúr agus Bithéagsúlacht LIFE


Tá an réimse tosaíochta seo de LIFE dírithe ar bharrchleachtais, réitigh agus cuir chuige chomhtháite i leith dúshlán chomhshaoil a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint chun cur le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus reachtaíochta maidir leis an nádúr agus an mbithéagsúlacht. Lena chois sin táthar ag iarraidh an bunachar eolais a ghabhann leo seo a fheabhsú.

Go dtí seo tá cómhaoiniú déanta ag an gcomhball Nádúr agus Bithéagsúlacht de chuid LIFE ar 21 tionscadal in Éirinn. Infheistíocht €62 milliún atá i gceist. Chuir an AE €37 milliún den méid seo ar fáil.

Bhí formhór na dtionscadal atá críochnaithe dírithe ar gnáthóga a chaomhnú, a bhainistiú agus a athshlánú agus cuireadh béim ar leith ar bhratphortaigh ghníomhacha, ar phortaigh ardaithe, ar thalamh feirmeoireachta agus ar chineálacha éagsúla coille chomh maith le gnáthóga talún tosaíochta. Mar thoradh ar roinnt tionscadal cuireadh feabhas ar chúinsí don mbradán Atlantach, an loimpre mhara, agus an mhadra uisce Eorpaigh, do phréachán na gcearc, don meirliún agus don loimpre shrutháin trína gcuid gnáthóga a nascadh nó a athshlánú. Chuir tionscadal eile go mór le cosc a chur ar chailliúint na bithéagsúlachta in Éirinn trí modhanna éifeachtacha chun speiceas planda fíor-ionrach a chur faoi smacht a fhorbairt agus a thaispeáint. Rinneadh é seo i gceangal le clár ceangaltas scairshealbhóra, rud as a lean forbairt agus scaipeadh beartais. Tá tionscadal eile a d'fhorbair samhail nua le haghaidh bainistiú inbhuanaithe talmhaíochta ar phríomhghnáthóga sa Bhoirinn. Ba iad Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, IRD Dhúiche Eala, páirceanna agus údaráis náisiúnta chomh maith le heagraíocht iascaigh leath-stáit tairbhíthe na dtionscadal den chuid ba mhó. Lean na tionscadail ar aghaidh ar feadh tréimhsí idir 48 agus 66 mhí.

Tá ceithre tionscadal ar siúl in Éirinn faoi láthair. Is é is cuspóir do na tionscadail: teicnící um bhainistiú inbhuanaithe d'fheirmeoireacht agus foraoiseacht in abhantraí diúilicín phéarlaigh a thaispeáint; portaigh ardaithe a chur ar ais i Lár na Tíre; agus feabhas a chur ar stádas caomhnaithe an traonaigh in Éirinn trí líonra na gCeantar Cosanta Speisialta agus an talamh feirmeoireachta mórthimpeall a fheabhsú. Leanfaidh na tionscadail ar aghaidh ar feadh tréimhsí idir 52 agus 66 mhí agus tá siad á gcomhordú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Sa bhosca thíos taispeántar sampla den tionscadal Nádúr de chuid LIFE ar éirigh go maith leis in Éirinn.



Bainistiú inbhuanaithe ar ghnáthóga talún tosaíochta larscríbhíne 1 den Treoir um Ghnáthóga in Oileáin Árann (LIFE Aran) LIFE12 NAT/IE/000995

D'oibrigh an tionscadal LIFE Aran le feirmeoirí ar thrí Oileán Árann chun cleachtais feirmeoireachta traidisiúnta inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn a rachadh chun tairbhe do thimpeallacht nádúrtha na nOileán. Bhí an tionscadal dírithe ar chleachtais feirmeoireachta ísealdéine as ar eascair tírdhreach íocónach Árann agus a dtugtar aitheantas dóibh in ainmniú láithreacha Natura 2000 na nOileán (láithreacha chun gnáthóga agus speicis a mbaineann tábhacht Eorpach leo a chosaint). Sa tionscadal baineadh leas as eolas agus taithí feirmeoireachta na háite mar aon le saineolas eolaíochta na gcomhpháirtithe tionscadail d'fhonn na dúshlán a sháru a bhaineann le feirmeoireacht ar oileáin agus d'fhonn cúinsí caomhnaithe na láithreacha Natura a fheabhsú.

Príomh-ghaiscí an tionscadail:

- D'oibrigh le 67 bhfeirmeoir chun feabhas a chur ar stádas caomhnaithe gnáthóga a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leo;
- Chuir feabhas ar rochtain ar dháileachtaí talún chun bainistíocht a éascú, féarach san áireamh, trí 28 gciliméadar de bhóithríní a ghlanadh agus 40 geata a chur isteach agus trí chabhrú le rochtain ar thuairim is 460 ha talún a dhéanamh;
- Bainistíodh smacht a chur ar thoir agus raitheach ar shlí gur cuireadh smacht ar 91 ha de thalamh faoi thoir;
- Cuireadh feabhas ar áiseanna bainistithe bheostoic trí bhonneagar uisce 131 ghné uisce a sholáthar agus trí 107 nglacaire báistí a dheisiú. Cinntíonn an bonneagar seo go gcaomhnaitear breis is 4 500 000 lítr uisce báistí in aghaidh na bliana agus feabhsaíonn sé féarach ar tuairim is 474 ha talún;
- Forbraíodh córas scórála simplí a léiríonn cáilíocht na gnáthóige agus an leibhéal féaraigh atá bainte amach;
- Cuireadh pleananna féaraigh barrfheabhsaithe i bhfeidhm ar 1 011 ha talún laistigh den tionscadal mar aon le cur chuige atá bunaithe ar thorthaí d'fhonn rath a thomhas;
- Aithníodh na heasnaimh sa bhforáiste agus oibríodh le tréadlia áitiúil chun forlíon mianra a sholáthar atá sainoiriúnaithe d'fhoráiste oileáin; agus
- Treoracha Barrchleachtais agus Bileoga Eolais a thairgeadh chun bainistiú níos éifeachtaí níos íogaire ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta de a spreagadh ar na hoileáin agus le haghaidh úsáide i gceantair eile.

Tuilleadh eolais:
<http://www.aranlife.ie>

An Fhochlár um Gníomh Aeráide (LIFE 2014-2020)

Maolú Athrú Aeráide LIFE agus Oiriúnú d'Athrú Aeráide LIFE

Tá an réimse tosaíochta um Mhaolú Athrú Aeráide ag cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le ceapadh carbóin a mhéadú, go háirithe trí chur le beartas gaolmhar agus reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme agus a fhorbairt, feabhas a chur ar an mbonn eolais, cur chuige comhtháite a fhorbairt, agus teicneolaíochtaí, córais, modhanna agus ionstraimí nuálacha a fhorbairt agus a léiriú.

Go dtí seo tá cistiú déanta ag an snáithe um Mhaolú Athrú Aeráide ar thionscadal amháin in Éirinn. Déanfaidh Scoil na mBithchóras & Innealtóireachta Bia i gCOBHÁC an tionscadal LIFE Farm4More a chomhordú thar tréimhse 48 mí. Tá d'aidhm aige tionchair a mhaolaíonn athrú aeráide a sheachadadh do thionscal an bheostoic trí straitéis táirgthe bhia orgánaí ainmhí agus bhithghualaigh atá inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta a chur i bhfeidhm. Is ionann an infheistíocht iomlán don tionscadal seo agus beagnach €5.5 milliún, agus tá €3 mhilliún á chur leis ag an AE.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi bhearta an tionscadail a fháil sa bhosca thíos.



LIFE Farm4More - Bainistiú Talmhaíochta amach anseo le haghaidh aschur iolrach maidir leis an aeráid agus forbairt tuaithe (LIFE Farm4More) **LIFE18 CCM/IE/001195**

I measc chuspóirí sonracha LIFE Farm4More tá:

1. Laghdúithe suntasacha GCT ar tháirgeadh eallaigh a thaispeáint agus a mheasúnú trí úsáid a bhaint as cistí preasa féir-léagúim réamh-chóireálte orgánacha/neamhorgánacha le bithghualach nó gan é;
2. Próitéin amh orgánach/neamhorgánach (CP) agus próitéin hidrealaithe, aimínaigéid (AA) agus polaipheiptídí (PP) a tháirgeadh mar bheathú orgánach/neamhorgánach ainmhí;
3. Grúpa Ballstáit/geallsealbhóirí (Éire, an Ostair, an Danmhairg) a bhunú agus a oibriú chun bithscaglann gheo-shonrach a chur i bhfeidhm;
4. Táirgí bithscaglainne a thréithriú agus a bharrfheabhsú le haghaidh feidhmeanna beatha éagsúla;
5. Tástálacha beathú ainmhithe a dhéanamh ag baint úsáide as táirgí bithscaglainne (bithghualach, dlúthán CP nó AA-PP agus ciste preasa) chun straitéisí beathaithe a chruthú:
 - a) feidhmiú ainmhithe a uasmhéadú agus astaíochtaí GCT, N agus P á íoslághdú ag an am céanna, agus
 - b) measúnú a dhéanamh ar an gcur chun i bhfeidhm is fearr is féidir maidir le hastaíochtaí a laghdú;
6. Scagadh le haghaidh foshraitheanna beatha malartacha (m.sh. feamainn) agus úsáidí breise neamhbheatha do na táirgí bithscaglainne a ghintear;
7. Measúnú a dhéanamh ar indéantacht eacnamaíoch na gcásanna gnó a roghnaíodh; agus
8. Bonn láidir a thógáil don tionscnamh Farm4more trí shaineolas reatha ó ghníomhaithe bithscagtha glasa as an Ostair agus as Éirinn a chomhtháthú, chomh maith leis an ngrúpa geallsealbhóirí um thionscadail bithscagtha sa Danmhairg.

Tuilleadh eolais:
<http://www.farm4more.eu/>

Tionscadail Chomhtháite LIFE ar mhaithe leis an gComhshaol agus an Aeráid

Tá an réimse tosaíochta LIFE seo dírithe ar phleananna nó straitéisí comhshaoil nó aeráide (réigiúnacha, il-réigiúnacha, náisiúnta, trasnáisiúnta) a chur i bhfeidhm ar mhórsála a éilítear trí reachtaíocht shonrach chomhshaoil nó aeráide an Aontais, go príomha i réimsí an dúlra, an uisce, na dramhaíola, an aeir agus an athraithe aeráide a mhaolú agus a oiriúnú. Cinntíonn Tionscadail Chomhtháite rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus cuireann siad comhordú chun cinn le foinse maoinithe ábhartha amháin eile de chuid an Aontais, náisiúnta nó príobháideach agus ag an am céanna spreagann sé an fhoinsé sin.

Go dtí seo, rinneadh cómhaoiniú ar dhá Thionscadal Chomhtháite don Chomhshaol in Éirinn. Is ionann na tionscadail seo agus buiséad iomlán de bheagnach €41 milliún, agus cuirfidh an AE beagnach €22 milliún leis.

Tá sé mar aidhm ag tionscadal Dúlra an Atlantaigh Fhiáin LIFE-IP PAF aghaidh a thabhairt ar na constaicí, na bearnaí agus na heasnamh a aithníodh a chuireann cosc faoi láthair ar chur chun feidhme iomlán an PAF do Natura 2000 ar 24 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta maidir le bratphortaigh na hÉireann i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Is é cuspóir foriomlán LIFE-IP Waters of Life tacú le cur i bhfeidhm beart chun uiscí ardstádaí a chosaint agus a fheabhsú agus, dá bhrí sin, tacú le hobair an chlár Blue Dot Catchments mar atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí (RBMP) d'Éirinn 2018-2021.

Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na tionscadail a chomhordú thar thréimhsí 108 agus 86 mí faoi seach.

Is féidir cuspóirí mionsonraithe an tionscadail LIFE-IP Waters of Life a fháil sa bhosca thíos. Cuirfear suíomh gréasáin agus torthaí an tionscadail leis in am trátha.



Dobharlaigh ardstádas éiceolaíochta a chosaint agus a athchóiriú in Éirinn (LIFE-IP Waters of Life) LIFE18 IPE/IE/000003

Feidhmeoidh Waters of LIFE IP mar thionscadal taispeántais ar scála abhantraí chun éifeachtacht cur i bhfeidhm na mbeart dea-chleachtas atá saincheaptha do gach áit ar leith a thástáil agus a bhailíochtú thar réimse gníomhaíochtaí bainistíochta tírdhreacha agus úsáide talún a bhaineann go hiondúil le habhantracha uiscí ardstádaí.

Cuirfidh an tionscadal béim ar leith ar an méid seo a leanas:

- Tuiscint theicniúil agus acmhainn theicniúil a fhorbairt maidir le bearta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach straitéiseach, comhtháite ar fud raon de phríomhbhrúnna agus príomhghníomhaíochtaí úsáide talún chun réitigh éifeachtacha a sholáthar ar scála tírdhreacha/abhantraí chun uiscí ardstádaí a chosaint;
- Úinéireacht phobail agus úinéirí talún a chur chun cinn i ndáil leis na gníomhartha atá beartaithe agus a chinntiú go bhfuil baint ag an bpobal áitiúil leis na gníomhartha um bhainistiú úsáid talún a fhorbairt atá le cur i bhfeidhm;
- Moltaí a dhéanamh a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt na mbeartas comhshaoil talmhaíochta agus foraoiseachta amach anseo agus a dhéanfaidh foráil do bhainistiú inbhuanaithe fadtéarmach na limistéar ardstádaí;
- Feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar éiceolaíocht, éiceachórais agus luach caipitil nádúrtha uiscí ardstádaí agus a n-abhantracha;
- Sineirgí a fhorbairt agus a thógáil idir bearta a chuirtear i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bhreithnithe maidir le cáilíocht uisce agus ar chuspóirí bithéagsúlachta gaolmhara laistigh d'abhantracha uiscí ardstádaí; agus
- Monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart a cuireadh chun feidhme agus a n-éifeachtacht a thaispeáint.

Tuilleadh eolais faoi LIFE agus thionscadail LIFE

Suíomh gréasáin LIFE

Tá raidhse eolais ar fail ar an gclár LIFE ar shuíomh idirlín LIFE:

<http://ec.europa.eu/life/>



Bunachar sonraí tionscadal LIFE

Chun tuilleadh eolais a fháil ar thionscadail LIFE in Éirinn nó ar thograí LIFE go ginearálta féach ar bhunachar sonraí na dtionscadal LIFE:

<http://ec.europa.eu/environment/life/project/Projects/index.cfm>

Is é an bunachar sonraí seo atá éasca le húsáid an fhoinse eolais údarásach le haghaidh tionscadal LIFE atá críochnaithe agus atá ar siúl faoi láthair. Tá eolas ar fail ann leis, ar na tairbhíthe, a gcuid sonraí teagmhála agus ar shuíomh ghréasáin na dtionscadal.



Meáin shóisialta



twitter.com/LIFE_Programme



<http://www.facebook.com/LIFE.programme>



www.flickr.com/photos/life-clár

Teagmháil

An Pointe Teagmhála Náisiúnta in Éirinn






An Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil
An tAonad um Fhorbairt Inbhuanaithe, Comhordú Comhshaoil agus Rialachas






Ainm: Mrs Margaret McCarthy, Bearta Comhshaoil AE agus Idirnáisiúnta
Seoladh: Teach an Chustaim
Éire - Baile Átha Cliath 1
Teil: +353 1 678 2316
+353 1 678 2320
R-phost: LIFE@dccae.gov.ie
Suíomh Gréasáin: [An Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil](#)





An Fhoireann Mhonatóireachta in Éirinn

NEEMO EEIG – DAI
Thamesfield House, Boundary Way
UK - Hemel Hempstead HP2 7SR
Teil: +44 1442 202400
R-phost: dai@neemo.eu

Tionscadail Chomhshaoil agus Éifeachtacht Acmhainní LIFE a dhúnadh le déanaí agus atá ar siúl i gcónaí				
Teideal an Tionscadail	Uimhir an Tionscadail	Suíomh gréasáin	Cliceáil ar an deilbhín chun achoimre ar an tionscadal a léamh	Tréimhse an Tionscadail
Turasóireacht na Boirne um Chaomhnú (Burren Tourism)	LIFE11 ENV/IE/000922	http://www.burren geopark.ie/what-we-do/geopark-life-project/		10/2012-> 12/2017
Ag obair le Spásanna Tionsclaíocha chun macasamhail a dhéanamh d'athúsáid (WISER LIFE)	LIFE13 ENV/IE/000763	http://www.rediscoverycentre.ie/WISER_Life.aspx		06/2014-> 04/2018
LIFE EcoSens Aquamonitrix (LIFE EcoSens Aquamonitrix)	LIFE17 ENV/IE/000237	https://www.ecosensaquamonitrix.eu/		07/2018-> 03/2021
Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath LIFE (Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath LIFE)	LIFE17 ENV/IE/000281	https://www.sdcc.ie/en/services/environment/dublin-urban-rivers-life/		06/2018-> 06/2022
Slabhra luacha scagáit meidhig a fhadú trí shiombóis tionscail chun próitéin giosta neamh-OGM luachmhar a tháirgeadh (Whey2LIFE)	LIFE18 ENV/IE/000084	http://www.whey2life.ie		07/2019-> 06/2022

Tionscadail Náduir agus Bithéagsúlachta LIFE a dúnadh le déanaí agus atá ara siúl i gcónaí				
Teideal an Tionscadail	Uimhir an Tionscadail	Suíomh gréasáin	Cliceáil ar an deilbhín chun achoimre ar an tionscadal a léamh	Tréimhse an Tionscadail
Bainistiú inbhuanaithe ar ghnáthóga tosaíochta larscríbhíne 1 den Treoir um Ghnáthóga Talún in Oileáin Árann (LIFE Aran)	LIFE12 NAT/IE/000995	http://www.aranlife.ie		09/2013 -> 12/2017
Bainistiú ar úsáid talún inbhuanaithe ar mhaithe le caomhnú diúilicín fionnuisce (LIFE Kerry)	LIFE13 NAT/IE/000144	http://www.npws.ie/research-projects/kerrylife		07/2014 -> 12/2019
Gnáthóga Cromán na gCearc, Meirliún, Bradán Atlantach agus Loimpre Shrutháin a nascadh agus a athchur i nDúiche Eala, Deisceart na hÉireann (RAPTOR LIFE)	LIFE13 NAT/IE/000769	http://duhallowlife.com/raptor-life		01/2015 -> 05/2019
Portach ardaithe gníomhach a athchur i Líonra LCS na hÉireann 2016 - 2020 (LIFE Irish Raised Bogs)	LIFE14 NAT/IE/000032	http://www.raisedbogslife.ie/		01/2016 -> 12/2020
Feabhas a chur ar stádas caomhnaithe an Traonaigh in Éirinn trí líonra na gCeantar Cosanta Speisialta agus an talamh feirmeoireachta mórthimpeall orthu a fheabhsú (LIFE Atlantic Crex)	LIFE18 NAT/IE/000090	N/B		(01/2020) 12/2024

Tionscail LIFE um Mhaolú Athrú Aeráide atá ar siúl i gcónaí				
Teideal an Tionscail	Uimhir an Tionscail	Suíomh gréasáin	Clíceáil ar an deilbhín chun achoimre ar an tionscadal a léamh	Tréimhse an Tionscail
LIFE Farm4More - Bainistiú Talmhaíochta amach anseo le haghaidh aschur iolrach maidir leis an aeráid agus forbairt tuaithe (LIFE Farm4More)	LIFE18 CCM/IE/001195	http://www.farm4more.eu/		07/2019 -> 06/2023

Tionscail Chomhtháite LIFE atá ar siúl i gcónaí				
Teideal an Tionscail	Uimhir an Tionscail	Suíomh gréasáin	Clíceáil ar an deilbhín chun achoimre ar an tionscadal a léamh	Tréimhse an Tionscail
I dtreo an PAF a chur i bhfeidhm d'Éirinn trí Líonra Natura na mbratphortach a athshlánú feadh an chósta Atlantaigh (LIFE IP PAF-WILD ATLANTIC NATURE)	LIFE18 IPE/IE/000002	N/B		01/2020 -> 12/2028
Dobharlaigh in Éirinn ag a bhfuil stádas ard éiceolaíochta a chosaint agus a athshlánú (LIFE-IP Waters of Life)	LIFE18 IPE/IE/000003	N/B		11/2019 -> 12/2028